II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/101 ÓN GCOMHAIRLE

## an 20 Eanáir 2020

## lena gceaptar comhalta de Choiste na Réigiún a mhol Poblacht na Polainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint don mholadh ó Rialtas na Polainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 26 Eanáir 2015, an 5 Feabhra 2015 agus an 23 Meitheamh 2015, ghlac an Chomhairle Cinntí (AE) 2015/116 [1], (AE) 2015/190 [2] agus (AE) 2015/994 [3] lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2015 go dtí an 25 Eanáir 2020.

(2) Tá suíochán comhalta de Choiste na Réigiún folamh tar éis deireadh a theacht le téarma oifige Marek OLSZEWSKI,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas ina chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2020:

— Krzysztof IWANIUK, *Wójt Gminy Terespol*.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

---

[1] Cinneadh (AE) 2015/116 ón gComhairle an 26 Eanáir 2015 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2015 go dtí an 25 Eanáir 2020 (IO L 20, 27.1.2015, lch. 42).

[2] Cinneadh (AE) 2015/190 ón gComhairle an 5 Feabhra 2015 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2015 go dtí an 25 Eanáir 2020 (IO L 31, 7.2.2015, lch. 25).

[3] Cinneadh (AE) 2015/994 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2015 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2015 go dtí an 25 Eanáir 2020 (IO L 159, 25.6.2015, lch. 70).